# LÉAMHTHUISCINT | Sample answer

## Ceist 6B (2015 Léamhthuiscint B)

Is píosa iriseoireachta *(journalistic piece)* an píosa seo. Tréith *(characteristic/trait)* amháin a bhaineann leis an gcineál scríbhneoireachta seo *(this type of writing)* ná go dtugtar eolas ann *(information is given)*. Sa sliocht seo, tugann an t-údar eolas dúinn faoi chruachás na ndaoine gan dídean *(hardships of the homeless people)*. Tóg mar shampla an t-eolas a fhaighimid faoi na heagraíochtaí carthanachta éagsúla *(various charitable organisations)* ar nós Focus Ireland agus Clann Shíomóin.

Anuas ar seo, i ngach píosa iriseoireachta, bíonn pointe difriúil i ngach alt *(different point in every paragraph)*. Feicimid an tréith seo sa sliocht. Sa triú alt mar shampla, pléann an t-údar na cúiseanna *(reasons)* a bhíonn daoine áirithe *(certain people)* gan dídean. Sa cheathrú alt, cuireann an t-údar in iúl *(the author presents)* eolas faoi na heagraíochtaí carthanachta éagsúla atá ann do dhaoine gan dídean.